125
1893-2018
Athbheochan na Gaeilge

Bliain 2018 na Gaeilge

Gaeilge Bheo | Irish Belongs to Us All

An mbeidh tú páirteach?

Conradh na Gaeilge
Glór na nGael
Gael Linn
Cumann na bhFiann
Gaeloideachas
An tOireachtas
An Coimisinéir Teanga
Foras na Gaeilge
Údarás na Gaeltachta
Seachtain na Gaeilge le enérgia
Ógras
Feachtas
GAA
Comhaltas
gnó
Teagasc Mhaigh Eo
Pleanáil Teanga na Rosann
gael-taca
An Clár as Gaeilge Teo.
USI Union of Students in Ireland
Aontas na Mac Léinn in Éirinn
OÉ Gaillimh NUI Galway
Bord na Gaeilge UCD
Comhaltas Uladh
peig.ie
an carn
Pobal ar a'n Iúl
www.aisaonad.org
Cumann Gaelach na Beaglaise
Líofa
Gaillimh le Gaeilge
Oideas Gael
Na Gaeil Óga
Comhairle na Gaelscolaíochta
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
glór na móna
An Fóras Pátrúnachta
Forbairt Phobal Maigh Cuilinn
Glór Cheatharlach
Cumann Gaelach Leath Cheathrú
Cultúr Lann Mhic Adam Ó Fiaich
ISSU
Cairde Teo
Muineachán Le Gaeilge
Comhlucht Forbartha na nDéise
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council
Iontaobhas Chrónáin
IONAD Uíbh Eachach
Cairde Le Spéil
Áras na nGael
Rith 2018
Glór na Speirlíní
Glór Mhachaire Fíolta
Gaelphobal Thamhlachta
Comharchumann Thoraí Teo
Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair
CFÁA
Comharchumann Dhúiche Sheoigheach Teo.
Oileán Chléire
FCL teo Forbairt Chonamara Láir
Comhlacht Forbartha an Spidéal
Comhlacht Forbartha Inis Meáin
Comhar Dún Chaocháin
Coláiste Gaeilge Chill Chartha
Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh
Comharchumann Forbartha Árainn Teo.
RTÉ
RTÉ Raidió na Gaeltachta
RTÉ 2FM
BBC Gaeilge
fm 107.1 Raidió Fáilte
106·4FM Raidió na Life Cuisle na Cathrach
Raidió Rí-Rá
Raidió na dTreabh
TG4

Breis eolais nó le do ghrúpa a chlárú:
www.peig.ie/2018 bnag@cnag.ie

Le tacaíocht ó:
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht
S20 Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal
Clár Éire Ildánach Creative Ireland Programme 2017–2022

Bliain 2018 na Gaeilge

Gaeilge Bheo | Irish Belongs to Us All

In 2018 beimid ag ceiliúradh 125 bliain d'athbheochan na Gaeilge trí chlár cuimsitheach gnímh ildánach agus ardú feasachta a eagrú a spreagfaidh rannpháirtíocht láidir ón bpobal agus a chuirfidh dul chun cinn na Gaeilge ar aghaidh sa dioscúrsa poiblí.

Spriocanna:

Tábhacht athbheochan na Gaeilge agus tionchar na hathbheochana sa phobal & ar imeachtaí stairiúil le 125 bliain anuas a cheiliúradh agus a chraobhscaoileadh

Féilire d'imeachtaí ildánach, ealaíonta agus pobail a eagrú ar fud an domhain in 2018 le cúpla eochairthionscadal a leanfaidh ar aghaidh i ndiaidh 2018

Beocht na teanga a cheiliúradh agus úsáid, dea-íomhá, feiceálacht agus normalú na Gaeilge sa phobal a mhéadú

Spreagadh agus aitheantas a thabhairt don obair idir lámha leis an nGaeilge a chur chun cinn

Spreagadh agus cosaint a thabhairt don Ghaeltacht

Go mbeidh an Bhliain aitheanta ag an Rialtas ó dheas mar imeacht oifigiúil agus mar phríomhimeacht *d'Éire Ildánach 2017-22* agus ag an Rialtas ó thuaidh

Spriocphobail:

Déanfar freastal ar na spriocphobail seo a leanas le himeachtaí na Bliana:

1. An pobal líofa sa Ghaeilge
2. Muintir na Gaeltachta
3. An pobal le cúpla focal
4. Daoine sa phobal gan Gaeilge ach báúil
5. An diaspóra

IMEACHTAÍ IN 2018: Blaiseadh de na himeachtaí atá le teacht...

Eagrófar idir imeachtaí áitiúla, imeachtaí náisiúnta, tionscadail nua, agus neart eile....

KARAOKE SRÁIDE IN INIS
An Clár as Gaeilge

Beidh amhránaíocht Gaeilge faoin aer ar Lá Fhéile Phádraig i gcroílár na hInse. Beidh na focail ar an scáileán mór, bileoga scaipthe i measc an phobail agus neart craice againn

OIREACHTAS RINCE NA hÉIREANN
An Coimisiúin le Rincí Gaelacha

Beidh an Ghaeltacht ag teacht go hOireachtas Rince na hÉireann ó 11-17 Feabhra 2018 don 10,000 duine a bheidh i láthair ag an ócáid. Beidh Gaelzón ann le comórtais, ciorcail chainte agus go leor eile. Beidh cúpla mórimeacht oíche agus neart Gaeilge ón ardán

FÉILE CHULTÚRTHA NA ROSA
Coiste Pleanáil Teanga na Rosa

Eagróidh Coiste Pleanáil Teanga na Rosa féile chun óg agus aosta an cheantair a spreagadh i rith Bhliain na Gaeilgechun aird a dhíriú ar stair na Gaeilge sa cheantar agus ar an bhfís chun an teanga a neartú in athuair

TIONÓL GAEILGE UCD 2018
Bord na Gaeilge UCD

Eagrófar Scoil Samhraidh seachtaine in UCD i rith an tsamhraidh agus beidh cúrsaí teanga mar chuid den scoil agus aoichainteanna ar an athbheochan. Chomh maith leis sin eagróidh na mic léinn ar an scéim Ghaeilge imeachtaí faoi leith leis an mBliain a cheiliúradh

GLUAISEACHT NA GAEILGE I MAIGH EO
Coiste Dúiche Mhaigh Eo

Eagrófar seimineár agus déanfar cur síos ar obair dhaoine agus eagraíochtaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn i gCo. Mhaigh Eo le 125 bliain anuas. Beidh taispeántas ealaíona ann chomh maith

CEILIÚRADH 50 BLIAIN
Coláiste na bhFiann

Déanfaidh Coláiste na bhFiann ceiliúradh ar 50 bliain ar an bhfód ag dinnéar agus céilí mór i mBaile Átha Cliath ar 20 Deireadh Fómhair 2018

BEO - Bródúil agus Gaelach
Conradh na Gaeilge

Ar 3 Márta eagrófar ceann de bhuaicimeachtaí Bhliain na Gaeilge le mórshiúl ó Chearnóg Parnell go Faiche Stiabhna. Beidh ceolchoirm agus cainteanna spreagúla ag an deireadh agus beidh imeachtaí don teaghlaigh ar siúl ar fud Fhaiche Stiabhna i ndiaidh na ceolchoirme

GNÓ GAN STRÓ!
Cumann Gaelach Leath Chathail, Glór na nGael agus an tOireachtas

Beidh athbheochan na Gaeilge le léiriú ag daltaí meánscoile mar ábhar margaíochta speisialta ar mhaithe leis an gcéad ghlúin eile a spreagadh le deiseanna proifisiúnta a thapadh in earnáil na Gaeilge

SIAMSA
Muineachán Le Gaeilge

Eagrófar ceolchoirm i mBaile Mhuineacháin a léireoidh beocht na teanga sa cheantar agus sa reigiúin seo trí chéile. Beidh míreanna ceoil, drama, damhsa, filíochta & go leor eile mar chuid den taispeántas

DÚSHLÁIN ÓGRAS
Ógras

Beidh sraith dúshlán le baint amach ag clubanna le duaiseanna ar fáil faoi rannóga éagsúla agus do ghrúpaí a bhaineann amach méid áirithe spriocanna. Beidh ócáid cheiliúrtha i mBaile Átha Cliath mar chuid den tionscadal seo

LÉACHT AN OIREACHTAIS - 'NA HEALAÍONA BEO'
Oireachtas na Gaeilge

Eagrófar léacht speisialta ag an bhféile Pan Cheilteach mar chuid den Bhliain ina dhéanfar ár gcultúir, traidisiúin agus na teangacha ceilteacha a cheiliúradh agus a chomóradh go bródúil agus go bríomhar

COMHCHRAOLADH '18
Raidió na Life, Raidió Rí Rá, Raidió Fáilte, Raidió Chrónáin, Raidió na dTreabh

Eagrófar comhchraoladh 24 uair a chloig idir na stáisiúin phobal Gaeilge ar fud na tíre

2 IMEACHT NÁISIÚNTA NUA
Glór na nGael

I measc imeachtaí éagsúla a eagróidh Glór na nGael i rith Bhliain na Gaeilge, cuirfidh Glór tús le dhá imeacht náisiúnta nua: Féile Náisiúnta Siúlóide Sléibhe i nGleann Cholm Cille; agus Deireadh Seachtaine Náisiúnta na dTeaghlach i bpáirt le Cumann na bhFiann

FÉILE JOE ÉINNÚ 2018
Féile Joe Éinniú

Eagrófar an fhéile arís in 2018 chun comóradh a dhéanamh ar shaol agus ar shaothar an amhránaí sean-nóis clúiteach as Iorras Aithneach agus chun aitheantas a thabhairt do shaibhreas agus stair an tsean-nóis. Beidh an fhéile mar chuid de Bhliain na Gaeilge

RITH 2018
Rith Teo

Beidh Rith 2018 mar imeacht oifigiúil de chuid Bhliain na Gaeilge. Rithfear ó Bhéal Feirste go Ciarraí thar tréimhse 7 lá. Glacfaidh na mílte duine páirt san imeacht bríomhar spreagúil seo

CEOL 2018 & DÚSHLÁN NA FOGHLAMA
RTÉ 2fm

I measc na nithe a eagróidh RTÉ 2fm do Bhliain na Gaeilge beidh Tracy Clifford ag tabhairt faoi dhúshlán na foghlama agus í ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim in 2018. Chomh maith leis sin dáilfear cóip de CEOL 2018 ar gach mac léinn meánscoile

CEILIÚRADH SA PHOBAL
Coláiste Gaeilge Chill Chartha

Eagróidh Coláiste Gaeilge Chill Chartha ceiliúradh ar chultúr, stair agus saibhreas na Gaeilge sa phobal agus díreofar ar an nasc luachmhar idir an Coláiste agus an pobal mór i mBliain na Gaeilge

SEÓTHAISPEÁNTAS
An Foras Pátrunachta

Seótháispeántas ar thalainn agus ar shaothar scoileanna an Fhorais. Ní comórtas a bheidh i gceist ach seans d'ár scoileanna ó fud fad na tíre teacht le chéile chun a dtalainn cheoil, ealaíne, spóirt, chéirde srl. a léiriú le chéile agus leis an tír ar fad i lárionad náisiúnta

COMHDHÁIL LAE AR ATHBHEOCHAN NA GAEILGE
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Eagrófar seimineár in OÉ Gaillimh ar thionchar na hathbheochana agus ról an Chonartha inti. Tá cartlann an Chonartha curtha i dtaisce san ollscoil

COMHDHÁIL AMLÉ
Aontas na Mac Léinn in Éirinn

Beidh deis ag ceannairí mac léinn na tíre freastail ar Pop-Up Gaeltacht, ciorcail cohmhrá, seimineár Gaeilge agus neart eile ag Comhdháil AMLÉ. Chomh maith leis sin eagrófar comhdháil ar mhion teangacha i mBéal Feirste ar 13 Aibreán. Fáilte roimh chách

Breis eolais nó Cláraigh imeachtaí ag www.peig.ie/2018

AMLÍNE NA hATHBHEOCHANA: cúpla buaicphointe le 125 bliain...

1893

Tús leis an athbheochan i gceart in 1893

Ba ar 31 Iúil 1893, i mBaile Átha Cliath, a bhunaigh Dubhghlas de hÍde, Eoin Mac Néill, agus comhghleacaithe leo Conradh na Gaeilge. An aidhm a chuir an eagraíocht nua roimpi féin ná an Ghaeilge a láidriú trí labhairt agus úsáid na Gaeilge.

1897

Oireachtas na Gaeilge eagraithe den chéad uair in 1897

Tionóladh an chéadfhéile Oireachtais riamh Dé Luain, 17 Bealtaine 1897, i mBaile Átha Cliath. Bhí sé ar siúl i Seomra Cruinn an Rotunda. Síolraíodh an rún áirithe seo a leanas: 'That an Oireachtas, or public assembly, on behalf of the Irish language, be held annually by the Gaelic League, at which prizes would be offered for readings, recitations, songs and dramatic sketches in Irish.'

1937

An Ghaeilge aitheanta mar Phríomhtheanga ó dheas in 1937

Nuair a cuireadh Bunreacht nua i bhfeidhm ag deireadh na bliana 1937, tugadh tús áite bunreachtúil don Ghaeilge den chéad uair riamh i stair na hÉireann. Is é stádas na Gaeilge i mBunreacht na hÉireann, "AIRTEAGAL 8:1. Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í," bunchloch reachtúil na gcearta teanga in Éireann.

1972

Raidió na Gaeltachta ag craoladh den chéad uair ar 2 Aibreán 1972

De bharr feachtas láidir náisiúnta agus áitiúil a d'easgair as Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta, tháinig Raidió na Gaeltachta ar an aer den chéad uair ag 3 i.n., Domhnach Cásca, 2 Aibreán 1972. Tá an stáisiún lonnaithe go príomha i gCasla, Conamara, agus is féidir éisteacht le Raidió na Gaeltachta ar fud na cruinne

1996

TG4 ar an aer den chéad uair ar Oíche Shamhna 1996

I 1993, mar thoradh ar bhrú ón bpobal trí fheachtas fada a lean breis is 20 bliain, bheartaigh an Rialtas stáisiún teilifíse Gaeilge nua a bhunú. Lonnaíodh Teilifís na Gaeilge, mar a tugadh air ag an am, i mBaile na hAbhann Co. na Gaillimhe, agus thosaigh an t-seirbhís chraolacháin ar an 31 Samhain 1996.

1998

Aitheantas don Ghaeilge i gComhaontú Aoine an Chéasta

Tugadh aitheantas don Ghaeilge ó thuaidh den chéad uair i gComhaontú Aoine an Chéasta in 1998. Ag éirí as an gComhaontú seo cuireadh Foras na Gaeilge ar bun an bhliain dar gcionn.
Tugadh stádas eile don teanga in 2001 faoin gCairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh.

2003

Acht na dTeangacha Oifigiúla achtaithe in 2003

Ar 14 Iúil 2003 ,shínigh an tUachtarán Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ina dhlí ó dheas. Ba é seo an chéad uair a cuireadh bunús reachtúil le soláthar sheirbhísí an státchórais go ginearálta trí mheán na Gaeilge. Tá sé mar aidhm ag an reachtaíocht líon agus caighdeán na seirbhísí trí Ghaeilge a chuireann comhlachtaí poiblí ar fáil don phobal a mhéadú agus a fheabhsú.

2007

An Ghaeilge mar theanga oifigiúil de chuid an AE ar 1 Eanáir 2007

Ar 1 Eanáir 2007, tháinig stádas na Gaeilge mar theanga oibre de chuid an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm. Baineadh an stádas seo amach i ndiaidh feachtais láidir ón bpobal faoin mbrat 'Stádas'. De bharr an stádais nua ag an teanga san Eoraip, tá níos mó úsáide á baint aisti i bParlaimint agus i gcodanna eile den Aontas Eorpach. Tá deiseanna fostaíochta ar fáil anois chomh maith do dhaoine le Gaeilge.

2018

Bliain na Gaeilge in 2018

In 2018 beimid ag ceiliúradh 125 bliain d'athbheochan na Gaeilge trí chlár cuimsitheach gnímh agus ardú feasachta a eagrú sa phobal. Tá breis is 70 grúpa ag léiriú tacaíochta cheana féin. Déanfar ceiliúradh ar thábhacht athbheochan na Gaeilge agus tionchar na hathbheochana sa phobal & ar imeachtaí stairiúla le 125 bliain anuas.

Cláraigh buaicphointe ar an Amlíne ag https://www.surveymonkey.com/r/amline & tá an tAmlíne is déanaí ar fáil ag www.peig.ie/amline

PLÉ '18

Eagrófar sraith seimineár ar bhonn míosúil ar fud an domhain ag plé stair, oidhreacht agus todhchaí na hathbheochana. Beidh réimse leathan de chainteoirí agus ábhar pléite sna seimineár agus beidh deis ag an bpobal a bheith rannpháirteach sa dioschúrsa.